Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Eanáir 2022
(OR. en)

5277/22

COHOM 6
COPS 15
CONUN 10
COASI 7
MAMA 6
COEST 5
COAFR 12
DEVGEN 3
CFSP/PESC 30

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 24 Eanáir 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle i ndáil le Tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh i bhFóraim na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Duine in 2022 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle i ndáil le Tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh i bhFóraim na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Duine in 2022, a d’fhormheas an Chomhairle ag an 3844ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl an 24 Eanáir 2022.

## Conclúidí ón gComhairle i ndáil le Tosaíochtaí an Aontais i bhFóraim na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Duine in 2022

1. Tá an tAontas tiomanta **cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh** go comhsheasmhach agus go comhleanúnach **i ngach réimse dá ghníomhaíocht sheachtrach**. Leanann an tAontas de thacaíocht d’aon ghuth a thabhairt do chóras na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine mar bhunchloch dá ghníomhaíocht sheachtrach. Tá cur chun cinn córais dhomhanda le haghaidh chearta an duine i gcroílár thiomantas an Aontais an t-iltaobhachas agus ceannaireacht an Aontais a neartú chun tacú leis an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe. Athdheimhníonn an tAontas gur cearta uilíocha, doroinnte, idirspleácha agus idirghaolmhara iad cearta an duine, bídís ina gcearta sibhialta, cultúrtha, polaitiúla nó sóisialta. Den mheon sin, iarrfaidh an tAontas go ndéanfar an Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla agus an Cúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha agus coinbhinsiúin eile maidir le cearta an duine a dhaingniú go forleathan agus a chur chun feidhme go héifeachtach, agus go gcuirfear dlús le gníomhaíochtaí chun cearta uile an duine a bhaint amach ar bhonn cothrom. Beidh an tAontas ar an airdeall maidir le haon iarracht a dhéanfar chun an bonn a bhaint de chearta an duine agus de chroíphrionsabail dhínit an duine agus an chomhionannais, faoi mar atá fréamhaithe i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus in ionstraimí chearta an duine ina dhiaidh sin, agus cuirfidh sé i gcoinne na hiarrachta sin. Tabharfaidh an tAontas aghaidh ar rioscaí atá ag teacht chun cinn le déanaí maidir le cearta an duine, amhail bagairtí hibrideacha, rioscaí a bhaineann go sonrach le forbairtí teicneolaíochta agus le díghrádú an chomhshaoil agus leis an athrú aeráide, chomh maith le hiarmhairtí leanúnacha phaindéim COVID-19 ar chearta an duine, go háirithe cearta na mban agus na gcailíní a bheith á dteachtadh acu, agus ar shaoirsí bunúsacha. Tá an t-idirdhealú a dhéantar ar dhaoine i staideanna leochaileacha, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, i ndiaidh dul in olcas agus tá sé níos sofheicthe anois. Meabhraítear don Aontas nach mór d’aon srianta ar chearta an duine i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 a bheith fíor-riachtanach, comhréireach, sealadach agus neamh-idirdhealaitheach, i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta na Stát maidir le cearta an duine. Cuirfidh an tAontas dlús lena chuid iarrachtaí chun a áirithiú go mbeidh rochtain chothrom ag gach duine i ngach tír ar vacsaíní agus ar chóracha leighis do COVID-19 atá sábháilte, éifeachtach agus inacmhainne.

2. **Tacaíonn an tAontas i gcónaí** le sainordú Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, lena hOifig agus le **córas na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine** i gcoitinne, lena n-áirítear an Chomhairle um Chearta an Duine, na Comhlachtaí Conartha, na Nósanna Imeachta Speisialta agus an tAthbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann. Iarrfaidh an tAontas ar gach stát a neamhspleáchas a urramú agus comhoibriú chun go gcuirfear sainordú Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus a hoifige i gcrích go héifeachtach, agus maoiniú leordhóthanach a áirithiú. Leanfaidh an tAontas de bheith rannpháirteach i neartú na Comhairle um Chearta an Duine, lena n-áirítear tríd an nasc idir Nua-Eabhrac agus an Ghinéiv a threisiú, á aithint dó an ról uathúil atá aici agus an breisluach a ghabhann léi. Meabhrófar dó gur cheart do chomhaltaí uile na Náisiún Aontaithe, go háirithe comhaltaí na Comhairle um Chearta an Duine, na caighdeáin is airde maidir le cearta an duine a chaomhnú agus comhoibriú go hiomlán leis an gComhairle um Chearta an Duine agus lena sásraí. Tacaíonn an tAontas leis an tuarascáil *Our Common Agenda* [Ár gComhchlár Oibre] ó Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe agus glacfaidh sé páirt ghníomhach ina cur chun feidhme.

3. Leanfaidh an tAontas d'fhaireachán a dhéanamh ar staid chearta an duine ar fud an domhain agus de sháruithe agus de mhí-úsáidí chearta an duine a cháineadh cibé áit a ndéantar iad. Bainfidh sé úsáid as na hionstraimí uile atá ar fáil dó, lena n-áirítear córas domhanda smachtbhannaí an Aontais i ndáil le cearta an duine, chun athrú a thabhairt i gcrích agus chun staid chearta an duine ar fud an domhain a fheabhsú. **Admhóidh an tAontas na forbairtí dearfacha** i réimse chearta an duine, agus leanfaidh sé **de chomhar a lorg leis na tíortha agus leis na heagraíochtaí réigiúnacha uile**, lena n-áirítear trí idirphlé maidir le cearta an duine. Is é an fhreagairt straitéiseach a bheidh againn ar an timpeallacht idirnáisiúnta athraitheach seasaimh chomhchoiteanna agus aontaithe an Aontais a léiriú i bhfóraim idirnáisiúnta, chun an caidreamh seanbhunaithe atá againn leis na comhpháirtithe traidisiúnta a neartú trínár leasanna agus luachanna comhroinnte a athdhearbhú, chomh maith le comhpháirtíochtaí a leathnú agus a dhoimhniú le tíortha agus réigiúin ar fud an domhain. Is den ríthábhacht a bheidh sé comhghuaillíochtaí nua trasréigiúnacha agus saincheist-bhunaithe a fhorbairt.

4. Athdhearbhaíonn an tAontas a thiomantas saoirse ó phionós a chomhrac agus ceartas a thabhairt d'íospartaigh. Ar **chomóradh 20 bliain ó theacht i bhfeidhm Reacht na Róimhe**, athdhearbhóidh an tAontas a thacaíocht bhuanseasmhach don Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta (ICC) agus leanfaidh sé d'iarraidh go ndéanfaí daingniú uilechoiteann ar Reacht na Róimhe agus go gcomhoibreofaí go hiomlán leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta. Tá obair na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta chomh maith le cúirteanna agus binsí eile ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta ríthábhachtach chun déantóirí coireanna ainghníomhartha a thabhairt os comhair cúirte. Tacaíonn an tAontas freisin le hobair sásraí idirnáisiúnta imscrúdaitheacha a bhailíonn fianaise ar sháruithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta (DDI) agus sáruithe agus mí-úsáidí an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta chun ionchúiseamh coiriúil na ndaoine atá freagrach astu a éascú.

5. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir an ról uathúil atá ag **an Tríú Coiste de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus ag Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine** ó thaobh aghaidh a thabhairt ar **chásanna tírshonracha maidir le cearta an duine**. Sa chomhthéacs sin, leanfaidh an tAontas de bheith réamhghníomhach i mbun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna atá ag teacht chun cinn maidir le cearta an duine agus i mbun cásanna tromchúiseacha a bhaineann le cearta an duine atá ag dul in olcas a cháineadh. Leanfaidh an tAontas de bheith ar thús cadhnaíochta maidir le tionscnaimh i dtaca leis an Afganastáin, leis an mBealarúis, leis an mBurúin, le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré, leis an Eiritré, leis an Aetóip agus le Maenmar. Déanfaidh sé machnamh maidir le tionscnaimh bhreise i gcás ina n-éileoidh cúrsaí amhlaidh. Tabharfaidh an tAontas tacaíocht freisin d'aon tionscnamh maidir le tíortha ar cheart iad a bheith ar chlár oibre na Comhairle um Chearta an Duine nó an Tríú Coiste mar thoradh ar staid chearta an duine. Leanfaidh an tAontas de shúil ghéar a choinneáil ar thionscnaimh maidir leis an gCambóid, leis an Iaráin, leis an Libia, le Mailí, le Nicearagua, leis na hOileáin Fhilipíneacha, leis an gcríoch Phalaistíneach faoi fhorghabháil, le Poblacht Dhaonlathach an Chongó, le Poblacht na hAfraice Láir, leis an tSeoirsia, leis an tSomáil, leis an tSúdáin Theas, le Srí Lanca, leis an tSúdáin, leis an tSiria, le hÉimin agus le Veiniséala. Leanfaidh an tAontas freisin de shúil ghéar a choinneáil ar an staid i bPoblacht Fhéinrialaitheach na Crimé agus i gcathair Sevastopol a rinne Cónaidhm na Rúise a ionghabháil go neamhdhleathach agus tacóidh sé le tionscnaimh ábhartha i ndáil leis sin. Glacfaidh an tAontas páirt ghníomhach in idirphlé idirghníomhach le sealbhóirí sainorduithe nósanna imeachta speisialta agus i ndíospóireachtaí ginearálta chun aird a tharraingt ar chásanna ríthábhachtacha maidir le cearta an duine, lena n-áirítear i gCónaidhm na Rúise agus sa tSín.

6. Leanfaidh an tAontas de bheith tiomanta go cothrom **rúin agus tionscnaimh théamacha** a chur chun cinn, páirt chuiditheach a ghlacadh iontu agus tacú leo ag an Tríú Coiste de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus ag Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine. Leanfaidh an tAontas de bheith ar thús cadhnaíochta i ndáil le tionscnaimh maidir le Cearta an linbh (i gcomhpháirt le comhpháirtithe GRULAC), maidir le saoirse reiligiúin nó creidimh, maidir le cearta an duine agus an athrú aeráide, agus maidir leis an moratóir ar phionós an bháis a úsáid.

7. Leanfaidh an tAontas d'iarraidh ar na stáit uile **an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine** a urramú agus rochtain neamhchoinníollach gan bhac a thabhairt do na Náisiúin Aontaithe agus do shásraí faireacháin chearta an duine ar a gcríocha. Leanfaidh an tAontas freisin d'iarraidh ar na páirtithe go léir i gcoinbhleachtaí armtha an **dlí daonnúil** idirnáisiúnta a urramú go hiomlán agus rochtain iomlán, shlán, láithreach, gan bhac ar fud na tíre a áirithiú d'fhonn cabhair dhaonnúil a thabhairt do na pobail sin atá i ngátar. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tathant ar na páirtithe i gcoinbhleachtaí armtha chun gach beart is gá a dhéanamh chun sibhialtaigh a chosaint, go háirithe mná agus leanaí, daoine faoi mhíchumas, chomh maith le pearsanra míochaine agus daonnúil, agus chun bonneagair shibhialta a chosaint, lena n-áirítear saoráidí oideachais agus sláinte. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le cearta an duine a ionchorprú go daingean in iarrachtaí síochána agus slándála na Náisiún Aontaithe. Chun sibhialtaigh a chosaint a thuilleadh agus gníomhaíocht dhaonnúil ar bhonn prionsabal a chur chun cinn, tacóidh an tAontas freisin leis na comhpháirtithe creataí láidre comhlíontachta maidir le cearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta (DDI) a ghlacadh agus a chur chun feidhme.

Is cúis mhór imní don Aontas í an choinbhleacht fhadtréimhseach san **Aetóip**. Leanfaidh sé de bheith ag iarraidh ar na páirtithe uile sa choinbhleacht sos cogaidh láithreach a chur i bhfeidhm agus staonadh ó aon sáruithe agus ó aon mhí-úsáid ar chearta an duine, amhail foréigean gnéasach agus foréigean inscnebhunaithe, lena n-áirítear éigniú agus foréigean a dhírítear ar bhonn eitneach, agus aon sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, chomh maith le dlí um dhídeanaithe. Oibreoidh an tAontas chun cuntasacht as na coireanna a rinneadh san Aetóip a áirithiú. Leanfaidh an tAontas de fhreagracht na comh-aireachta sealadaí a cheap an Taliban a chur i dtreis maidir le hurraim do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha na ndaoine uile atá ina gcónaí san **Afganastáin**, go háirithe mná, leanaí, daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, chomh maith le sábháilteacht chosantóirí chearta an duine, iriseoirí agus oibrithe na meán, agus giúistísí, go háirithe mná ar giúistísí iad, a áirithiú. Leanfaidh an tAontas d'iarraidh go mbeadh rialtas cuimsitheach agus ionadaíoch ann, rialtas ina mbeidh rannpháirtíocht iomlán, éifeachtach, chomhionann agus fhóinteach ag mná agus ionadaithe ó mhionlaigh eitneacha agus reiligiúnacha, bunaithe ar an smacht reachta agus ar urraim do chearta an duine. Leanfaidh an tAontas d'iarraidh go ndéanfaí Coimisiún Neamhspleách na hAfganastáine um Chearta an Duine (AIHRC) a athbhunú mar phríomhinstitiúid náisiúnta um chearta an duine. Cuirfidh an tAontas i dtreis nach mór cuntasacht as sáruithe agus mí-úsáidí chearta an duine agus as sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta a áirithiú agus meabhraítear di gur páirtí í an Afganastáin i Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta. Tá sé ríthábhachtach go gcuideodh na páirtithe uile laistigh agus lasmuigh den Afganastáin le cur chun feidhme shainordú an Rapóirtéara Speisialta a cheapfaidh an Chomhairle um Chearta an Duine chun faireachán a dhéanamh ar staid chearta an duine san Afganastáin, lena n-áirítear maidir le saincheisteanna amhail ceartas idirthréimhseach agus maruithe seachbhreithiúnacha agus iarbhaill d'fhórsaí slándála na hAfganastáine a fuadaíodh i ndiaidh dóibh géilleadh nó ar ghabh an Talaban iad, agus go ndéanfaidh siad obair leantach iomchuí ar na moltaí. Athdhearbhóidh an tAontas freisin gur gá leanúint de ghluaiseacht shábháilte agus imeacht slán agus ordúil na náisiúnach eachtrach uile agus na nAfganastánach ar mian leo an tír a fhágáil agus leanfaidh siad d'iarraidh go mbeadh rochtain gan bhac ag oibreoirí daonnúla ar réigiúin uile na hAfganastáine. Iarrfaidh an tAontas an athuair go gcuirfear deireadh leis na sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus le sáruithe agus mí-úsáidí chearta an duine, lena n-áirítear céastóireacht sa **tSiria** ag gach páirtí sa choinbhleacht, go háirithe an réimeas agus a chomhghuaillithe, agus molann sé na hiarrachtaí idirnáisiúnta éagsúla atá á ndéanamh chun an fhírinne agus an ceartas do na híospartaigh agus chun cuntasacht as na coireanna a rinneadh a bhaint amach, agus tacaíonn sé go hiomlán leis an hiarrachtaí sin.

Ní mór gach uile dhuine atá freagrach a thabhairt chun cuntais. Leanfaidh an tAontas de rannpháirtíocht fhóinteach a éileamh ó réimeas na Siria agus óna chomhghuaillithe chun rún 2254 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme ina iomláine, agus d'iarraidh go mbeadh deireadh leis an gcos ar bolg, go scaoilfí na daoine atá á gcoinneáil, agus go gcuirfí faisnéis ar fáil maidir le cinniúint na ndaoine atá ar iarraidh.

8. Beidh an tAontas ag iarraidh arís is arís eile ar gach stát ar fud an domhain feidhmiú cuí na n-institiúidí daonlathacha a áirithiú, **an smacht reachta**, prionsabail an dea-rialachais agus neamhspleáchas na mbreithiúna **a urramú** agus an tsaoirse ó phionós agus an éagothromaíocht a chomhrac, á chur san áireamh go bhféadfadh sáruithe ar chearta an duine a bheith ann mar thoradh ar roinnt coinníollacha struchtúrtha, amhail an t-éilliú. Gríosóidh sé na stáit seasamh leis na cearta chun rannpháirtíochta fónta i ngnóthaí poiblí, saoirse comhthionóil agus comhlachais shíochánta. Cuirfidh sé imní in iúl maidir leis an mbrú faoi chois córasach gan staonadh ar an tsochaí shibhialta, ar chosantóirí chearta an duine, ar na meáin agus ar iriseoirí neamhspleácha, ar chomhaltaí den fhreasúra polaitiúil agus ar ghuthanna cáinteacha, chomh maith le daoine atá i staideanna leochaileacha agus daoine a bhaineann le grúpaí mionlaigh reiligiúnacha agus daoine i ngrúpaí stiogmataithe eile, lena n-áirítear daoine LADTI, i **gCónaidhm na Rúise**. Leanfaidh an tAontas d'fhaireachán agus cáineadh a dhéanamh ar shrianta ar chearta an duine agus ar shaoirsí bunúsacha, agus d'fhaireachán agus cáineadh a dhéanamh ar bhearta reachtacha sriantacha treisithe faoin dlí 'gníomhairí eachtracha' agus faoi na dlíthe maidir le heagraíochtaí 'neamh-inmhianaithe' agus 'antoisceacha', lena gcuirtear guthanna neamhspleácha ina dtost a thuilleadh, lena gcraptar an spás don tsochaí shibhialta agus lena gcuirtear bac ar dhoiciméadú na sáruithe ar chearta an duine. Cuirfidh sé in iúl freisin go bhfuil imní air faoin gcniogbheartaíocht ar thaighde neamhspleách ar stair an chos ar bolg pholaitiúil. Is luach é tuiscint a fháil ar ainghníomhartha an ama atá caite, luach nach mór tacú leis agus a chosaint. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tathant ar Chónaidhm na Rúise chun na moltaí idirnáisiúnta a chur chun feidhme i ndáil leis na líomhaintí maidir le sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha chearta an duine, lena n-áirítear céastóireacht, i bPoblacht na Seisnia de chuid Chónaidhm na Rúise, arna ndéanamh i gcoinne chosantóirí chearta an duine, chomhaltaí na meán neamhspleách, dlíodóirí agus daoine eile. Tá imní ar an Aontas i gcónaí go bhfuil staid chearta an duine i **bPoblacht Fhéinrialaitheach na Crimé agus i gcathair Sevastopol** imithe in olcas go mór ó rinne Cónaidhm na Rúise an ionghabháil mhídhleathach. Is cúis mhór imní don Aontas i gcónaí é go bhfuil staid chearta an duine ag dul in olcas go mór i limistéir in **oirthear na hÚcráine** nach bhfuil faoi smacht Rialtas na hÚcráine faoi láthair. Leanfaidh an tAontas

de shúil a choinneáil, agus imní mhór air fúithi, ar staid chearta an duine san **Abcáis agus san Oiséit Theas, réigiúin scarúnaíocha na Seoirsia**. Is cúis mhór imní don Aontas é go bhfuil staid chearta an duine ag dul in olcas i gcónaí sa **Bhealarúis**. Leanfaidh sé de cháineadh géar a dhéanamh ar chéastóireacht agus ar dhrochíde a dhéantar go forleathan, córasach i gcomhthéacs gabhálacha treallacha, ar na cásanna iomadúla d'fhuadaigh fhorfheidhmithe, ar chiorrú ar réimse leathan ceart agus saoirsí, agus, ina theannta sin, ar fheachtas an chos ar bolg agus an imeaglaithe i gcoinne chosantóirí chearta an duine, ionadaithe na sochaí sibhialta, na meán neamhspleách agus daoine ar de mhionlaigh náisiúnta iad. Leanfaidh an tAontas de bheith ag éileamh go ndéanfaí gach príosúnach polaitiúil a scaoileadh saor láithreach, gan choinníoll. Ba cheart iad siúd atá freagrach as na sáruithe tromchúiseacha sin ar chearta an duine a thabhairt chun cuntais agus pionós a chur orthu. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tathant ar an mBealarúis comhoibriú go hiomlán leis na sásraí idirnáisiúnta agus réigiúnacha chun faireachán a dhéanamh ar chearta an duine, lena n-áirítear Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le staid chearta an duine sa Bhealarúis agus an sásra cuntasachta atá faoi stiúir OHCHR. Iarrfaidh an tAontas ar údaráis na Síne agus **Hong Cong** lánurraim a thabhairt an athuair don smacht reachta, do chearta an duine, lena n-áirítear saoirse agus iolrachas na meán, prionsabail an daonlathais, agus urraim a thabhairt do neamhspleáchas na mbreithiúna, i gcomhréir le Dlí Bunúsach Hong Cong agus le gealltanais intíre agus idirnáisiúnta na Síne. Ina theannta sin, táthar ag súil go gcloífidh an **Tuirc**, mar thír is iarrthóir ar aontachas leis an AE agus mar bhall seanbhunaithe de Chomhairle na hEorpa, lena gealltanais faoi seach.

9. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar gach stát **cearta daonna na ndaoine sin ar de mhionlaigh iad** a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh, agus is díol sásaimh dó comóradh 30 bliain Dhearbhú chearta na ndaoine ar de Mhionlaigh Náisiúnta nó Eitneacha, Reiligiúnacha agus Teanga iad. Cuirfidh an tAontas i gcoinne gach cineál gríosaithe chun foréigin nó fuatha agus cuirfidh sé i gcoinne na fuathchainte, bíodh sin ar líne nó as líne, agus, ag an am céanna, caomhnóidh sé an ceart chun saoirse tuairimíochta agus saoirse tuairimí a nochtadh a theachtadh ina n-iomláine. Leanfaidh an tAontas de shúil a choinneáil, agus imní mhór uirthi fúithi, ar staid chearta an duine sa **tSín**, go háirithe i Réigiún Féinrialaitheach Uigiúrach Xinjiang, i Réigiún Féinrialaitheach na Tibéide agus i Réigiún Féinrialaitheach na hIon-Mhongóile. Is cúis mhór imní don Aontas i gcónaí iad na tuairiscí iomadúla faoi sháruithe agus mí-úsáidí forleathana chearta an duine sa tSín, go háirithe sna réigiúin thuasluaite, lena n-áirítear cimí á gcoinneáil go treallach, á gcéasadh agus drochíde á tabhairt dóibh, líonra mór campaí athoideachais pholaitiúil a bheith ann, faireachas forleathan agus srianta sistéamacha ar shaoirse reiligiúin nó creidimh, úsáid saothair éigeantaigh, steiriliú éigeantach, rialú breithe agus beartais scartha teaghlaigh agus foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe. Is cúis mhór imní i gcónaí é cás na ndaoine ar de mhionlaigh eitneacha agus reiligiúnacha iad ar fud na Síne, go háirithe Uigiúraigh agus daoine a bhaineann le mionlaigh eile. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar an tSín a cuid oibleagáidí maidir le cearta an duine a chomhlíonadh faoin dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tathant ar Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine aghaidh a thabhairt ar staid chearta an duine sa tSín, go háirithe i Réigiún Féinrialaitheach Uigiúrach Xinjiang (XUAR), lena n-áirítear trí mheasúnú neamhspleách, oibiachtúil, neamhchlaonta agus trédhearcach. Leanfaidh an tAontas de shúil a choinneáil, agus imní mhór uirthi fúthu, ar na sáruithe agus mí-úsáidí chearta an duine atá fós á ndéanamh, lena n-áirítear na sáruithe agus na mí-úsáidí sin a eascraíonn as an gcoinneáil threallach a dhéanann an t-arm i **Maenmar/Burma**, lena n-áirítear i gcoinne Moslamaigh Róihinse agus daoine ar de mhionlaigh eile iad, agus de bheith ag iarraidh ceartais agus cuntasachta i leith na ndaoine sin atá freagrach. Leanfaidh an tAontas de cháineadh fíorghéar a dhéanamh ar an *coup* míleata a rinneadh an 1 Feabhra 2021, ar an bhforéigean i gcoinne sibhialtach, lena n-áirítear foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe, agus de bheith ag iarraidh go gcuirfí idirphlé cuimsitheach ar bun leis na geallsealbhóirí ábhartha uile lena ndíreofaí ar an daonlathas agus an smacht reachta a athbhunú, agus go mbeadh rochtain shábháilte, dhaonnúil gan bhac ann agus go ndéanfaí gach duine a coinníodh go treallach a scaoileadh saor láithreach, gan choinníoll. Leanfaidh an tAontas d'iarraidh ar údaráis na Rúise urraim a thabhairt do chearta an duine,

lena n-áirítear cearta na ndaoine sin ar de ghrúpaí mionlaigh eitneacha, náisiúnta agus reiligiúnacha iad, lena n-áirítear cearta Thartaraigh na Crimé i bPoblacht Fhéinrialaitheach na Crimé agus i gcathair Sevastopol, a rinne Cónaidhm na Rúise a ionghabháil go neamhdhleathach.

10. Leanfaidh an tAontas de bheith ag seasamh go tréan i gcoinne **phionós an bháis** i ngach cúinse. Iarrfaidh sé ar na tíortha uile tacú le Rún Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe lena gcuirtear moratóir chun cinn maidir le húsáid phionós an bháis, agus ar gach tír eile atá fágtha a bhfuil pionós an bháis fós á chur i bhfeidhm aici deireadh a chur leis, nó moratóir a choinneáil nó a thabhairt isteach mar chéad chéim chun deireadh a chur leis. Molfaidh sé do stáit ina bhfuil moratóir i bhfeidhm deireadh a chur le pionós an bháis sa dlí. Cuirfidh an tAontas chun cinn an daingniú is leithne den Dara Prótacal Roghnach a ghabhann le ICCPR. Molfaidh sé go mbeidh rannpháirtíocht mhór sa 8ú Comhdháil Dhomhanda i gcoinne Phionós an Bháis i mBeirlín i mí na Samhna 2022 agus tacóidh sé le tionscnaimh eile sa chomhthéacs sin.

11. Leanfaidh an tAontas de bheith ag cáineadh na húsáide forleathana a bhaintear, ar fud an domhain, as **céastóireacht** agus as íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, agus déanfaidh sé iarracht deireadh a chur leis na cleachtais sin go domhanda. Molfaidh sé go ndéanfaí imscrúdú neamhspleách ar sháruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha chearta an duine, cibé áit a dtarlaíonn siad, agus oibreoidh sé chun cuntasacht lucht déanta na sáruithe agus mí-úsáidí sin a áirithiú. Leanfaidh sé de ghabhálacha agus coinneáil threallach a cháineadh agus tacóidh sé a thuilleadh leis an bhfaireachán neamhspleách ar phríosúin agus ar áiteanna eile ina gceiltear an tsaoirse, le feabhas a chur ar choinníollacha coinneála agus ar an gcaoi a gcaitear le daoine a gceiltear a saoirse, i gcomhréir le hoibleagáidí agus caighdeáin idirnáisiúnta. Iarrfaidh an tAontas go ndéanfaí Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Céastóireachta agus an Prótacal Roghnach a ghabhann leis a dhaingniú go forleathan agus a chur chun feidhme go héifeachtach. Cuirfidh sé iarrachtaí chun cinn a thuilleadh chun an trádáil in earraí a úsáidtear le haghaidh phionós an bháis agus céastóireacht a thoirmeasc tríd an gComhghuaillíocht Dhomhanda ar son Trádáil Gan Chéastóireacht.

12. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do **chosantóirí chearta an duine** (CCDanna) agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí atá faoi stiúir na mban agus eagraíochtaí faoi stiúir na hóige, agus oibreoidh sé chun a áirithiú go mbíonn siad rannpháirteach go héifeachtach agus go fóinteach i ngach próiseas de chuid na Náisiún Aontaithe. Cáineann an tAontas go láidir bagairtí, ionsaithe, coiriúlú, faireachas neamhdhleathach, feachtais chlúmhillte, coinneáil threallach, fuadaigh fhorfheidhmithe agus marú CCDanna. Tabharfaidh an tAontas aird ar leith ar CCDanna atá thíos le bearta díoltais tar éis teagmháil le córas na Náisiún Aontaithe agus leanfaidh sé de thacaíocht a thabhairt d'obair Ardrúnaí Cúnta na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine i ndáil leis sin. Tabharfaidh an tAontas aird ar na rioscaí sonracha do chatagóirí áirithe CCDanna, go háirithe cosantóirí baineanna chearta an duine, cosantóirí comhshaoil agus talún agus cosantóirí chearta na mbundúchasach, cosantóirí chearta na ndaoine LADTI, agus iad siúd a chosnaíonn cearta saothair. Cuirfidh sé leis an tacaíocht a thugann sé chun timpeallacht chumasúcháin a chruthú do **shochaí shibhialta** bheoga, iolraíoch a dtabharfar an spás di oibriú go neamhspleách, agus cuirfidh sé i gcoinne srianta neamhréireacha dlíthiúla agus riaracháin ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta lena gcuirtear teorainn ar chumas na n-eagraíochtaí sin feidhmiú, lena n-áirítear córais phionósacha chlárúcháin agus srianta ar chistiú a fháil nó srian riaracháin ar eagraíochtaí a chlárú. Sa bhreis air sin, déanfaidh an tAontas gníomhaíochtaí a bheidh dírithe ar chosantóirí chearta an duine ar fud an domhain a scaoileadh saor i gcomhar le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus lena hOifig agus le horgáin eile de chuid na Náisiún Aontaithe.

13. Déanfaidh an tAontas an ceart chun **saoirse tuairimíochta agus saoirse tuairimí a nochtadh** ar líne agus as líne a chur chun cinn agus a chosaint agus tacóidh sé le hiolrachas na meán agus le saoirse na meán ar fud an domhain. Leanfaidh an tAontas de bhagairtí agus d'ionsaithe i gcoinne iriseoirí, blagálaithe agus oibrithe eile sna meáin a cháineadh go láidir agus de mheabhrú di féin go bhfuil freagracht ar stáit a áirithiú go mbíonn a reachtaíocht, a mbeartais agus a ngníomhaíochtaí náisiúnta i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta um chearta an duine. Leanfaidh an tAontas d'imní a chur in iúl faoin rialú méadaithe atá ag stáit ar an spás ar líne, faoi phróisis dhaonlathacha a chosaint agus faoi chur chuige a áirithiú atá bunaithe ar chearta an duine maidir le cur i gcoinne na bréagaisnéise.

14. Leanfaidh an tAontas de bheith rannpháirteach go gníomhach i bhfóraim de chuid na Náisiún Aontaithe chun aird a tharraingt ar thionchar na **dteicneolaíochtaí digiteacha** nua agus na dteicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn ar chearta an duine. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair le OHCHR agus le comhpháirtithe eile chun Treochlár Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe um Chomhar Digiteach a chur chun feidhme. Tacóidh an tAontas le hidirlíon atá oscailte, saor, idir-inoibritheach, iontaofa agus slán a bhaint amach agus breathnóidh sé go háirithe ar phríomh-shaincheisteanna áirithe amhail múchadh idirlín, cosaint an spáis shibhialta ar líne, cosaint sonraí, cosaint an chirt chun príobháideachais agus conas faireachas neamhdhleathach, cinsireacht ar líne, bréagaisnéis agus cibearchoireacht a chomhrac. Cuirfidh an tAontas cur chuige chun cinn atá bunaithe ar chearta an duine maidir le teicneolaíochtaí digiteacha nua a dhearadh, a fhorbairt, a imscaradh agus maidir le meastóireacht a dhéanamh orthu agus iad a úsáid, lena n-áirítear maidir leis an intleacht shaorga (IS) i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais maidir leis an ábhar sin atá ar na bacáin.

15. Leanfaidh an tAontas de sheasamh go daingean i gcoinne gach cineáil **idirdhealaithe**, agus de dhlús a chur leis an ngníomhú ina choinne, agus aird ar leith á tabhairt ar fhoirmeacha iolracha trasnacha idirdhealaithe, lena n-áirítear idirdhealú bunaithe ar ghnéas, cine, bunadh eitneach nó sóisialta, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, míchumas, aois, gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta don chomhionannas agus don neamh-idirdhealú agus don uile dhuine a bheith i dteideal réimse iomlán chearta an duine agus saoirsí bunúsacha a theachtadh. Glacfaidh an tAontas páirt chuiditheach chomhsheasmhach i sainorduithe de chuid na Náisiún Aontaithe atá dírithe ar an bhforéigean agus ar gach cineál idirdhealaithe a chomhrac agus leanfaidh sé de thacú le hobair leantach na Náisiún Aontaithe chuige sin.

16. Déanfaidh an tAontas iarrachtaí idirnáisiúnta a chur chun cinn go fuinniúil agus iad a uas-scálú ar son an **chomhionannais inscne,** ar son cearta uile an duine a bheith á lánteachtadh ag mná agus cailíní agus ar mhaithe lena gcumhachtú, i gcomhréir lena ghealltanais idirnáisiúnta. Bainfidh an tAontas leas as gach uile ócáid sna fóraim ábhartha uile chun na gealltanais sin a athdhearbhú, lena n-áirítear i gCoimisiún na Náisiún Aontaithe um Stádas na mBan, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna an idirdhealaithe agus an neamhionannais inscnebhunaithe. Leanfaidh an tAontas de chomhtháthú ghné na hinscne a chun cinn i bhfóraim uile na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine, lena n-áirítear sna tionscadail síochána agus slándála, agus tacóidh sé le rannpháirtíocht iomlán, éifeachtach, chomhionann agus fhóinteach na mban agus na gcailíní ar gach leibhéal den chinnteoireacht, lena n-áirítear trí UNSCR 1325 agus na rúin ina dhiaidh sin maidir le mná, síocháin agus an tslándáil, a chur chun feidhme. Leanfaidh an tAontas d'áit lárnach a thabhairt do chosc agus díothú gach cineáil foréigin gnéis agus inscnebhunaithe, lena n-áirítear foréigean teaghlaigh agus foréigean páirtí dlúthchaidrimh, ar líne agus as líne araon, pósadh leanaí, luathphósadh agus pósadh éigeantais, ciorrú ball giniúna ban agus cleachtais dhíobhálacha eile in aghaidh na mban agus na gcailíní, sna hiarrachtaí atá á ndéanamh aige, agus tríd an Meitheal Cairde atá faoi stiúir an Aontais chun an foréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní a dhíothú freisin. Athdhearbhóidh an tAontas i gcónaí gur gá iarrachtaí uile-shochaí chun go mbeidh fir agus buachaillí páirteach chun deireadh a chur le foréigean gnéis agus inscnebhunaithe, an neamhionannas inscne a dhíothú, agus aghaidh a thabhairt ar noirm shóisialta idirdhealaitheacha agus steiréitíopaí inscne a chomhrac.

17. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí cearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Oibre na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán, mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithniúcháin, agus sa chomhthéacs sin, leanann an tAontas de bheith tiomanta do shláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo. Á choimeád sin i gcuimhne dó, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil a thiomantas do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart gach duine chun smacht iomlán a bheith acu ar ábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte gnéis agus atáirgthe, saor ó idirdhealú, ó chomhéigean agus ó fhoréigean, agus chun cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach ina leith sin. In athuair, cuireann an tAontas i bhfios go láidir a riachtanaí atá an rochtain uilíoch ar fhaisnéis ardcháilíochta, inacmhainne, chuimsitheach i leith na sláinte gnéis agus atáirgthe agus i leith an oideachais, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéasachta, agus seirbhísí cúraim sláinte.

18. Leanfaidh an tAontas de pháirt chuiditheach a ghlacadh sna tionscnaimh uile a bhaineann leis an **gciníochas**, an t-idirdhealú ciníoch, an tseineafóibe agus aon éadulaingt ghaolmhar a chomhrac ar fud an domhain, agus aird á tabhairt ag an am céanna ar a sheasamh seanbhunaithe gur gá daingniú uilechoiteann agus cur chun feidhme iomlán éifeachtach an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú a áirithiú, agus gur gá Dearbhú Durban agus Clár Gníomhaíochta Durban a chur chun feidhme agus na sásraí leantacha a ghabhann leis a réasúnú agus a chuíchóiriú i gcás inar gá.

19. Leanfaidh an tAontas dá thiomantas don **tsaoirse reiligiúin nó creidimh** a chur chun cinn agus a chosaint. Cáinfidh sé aon idirdhealú, éadulaingt, foréigean agus géarleanúint bunaithe ar fhorais reiligiúin nó creidimh a dhéanann duine ar bith nó a fhulaingíonn duine ar bith. Cuirfidh an tAontas chun cinn agus cosnóidh sé an ceart atá ag gach duine chun a reiligiún nó chreideamh féin a bheith nó gan a bheith aige nó an creideamh nó reiligiún atá aige a athrú nó a léiriú, agus cáinfidh sé ag an am céanna aon choiriúlú a dhéanfar ar shéanadh creidimh agus aon mhí-úsáid a bhainfear as dlíthe blaisféime. Leanfaidh an tAontas den cheart chun tuairimí a nochtadh a chur chun cinn agus a chosaint agus de thacaíocht a thabhairt don phlé idirchreidimh mar uirlis éifeachtach chun cearta an duine a chur chun cinn. Rannchuideoidh an tAontas le cosc coinbhleachtaí, le hathmhuintearas agus le hiarrachtaí idirghabhála na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear trí rannchuidiú leis na hiarrachtaí chun an oidhreacht reiligiúnach a choimirciú, agus cearta an duine á n-urramú go hiomlán aige ag an am céanna.

20. Cuirfidh an tAontas dlús leis na gníomhaíochtaí chun seasamh le dlí agus le prionsabail chearta an duine, agus leis an dlí idirnáisiúnta daonnúil agus an dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe sa mhéid a bhaineann le **dídeanaithe, daoine easáitithe ina dtír féin agus imircigh,** agus aird ar leith á tabhairt ar leanaí, ar mhná agus ar dhaoine eile atá i staid leochaileach. Le cur chuige cuimsitheach an Aontais maidir leis an easáitiú éigeantach agus an imirce, leanfar de bheith ag díriú ar bhunchúiseanna na himirce neamhrialta agus an easáitithe éignithe. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le tíortha maidir le rialachas imirce, ag cur isteach ar shamhlacha gnó na smuigléirí imirceach agus na ngáinneálaithe ar dhaoine, ag feabhsú bhainistiú theorainneacha seachtracha na hEorpa agus ag cur deiseanna ar fáil le haghaidh conairí dlíthiúla imirce agus, ag an am céanna, na hinniúlachtaí náisiúnta á lánurramú agus aird chuí á tabhairt ar na dálaí reatha iarbhír arna gcruthú ag paindéim COVID-19. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar gach stát an gháinneáil ar dhaoine agus smuigleáil daoine a chosc, íospartaigh na gáinneála agus na smuigleála a chosaint agus cur chuige atá íogair ó thaobh inscne agus leanaí de a fheidhmiú, agus ionchúiseamh éifeachtach a áirithiú do dhéantóirí na coire. Leanfaidh an tAontas den ionstraimiú státurraithe atá á dhéanamh ar dhídeanaithe agus ar imircigh ag tríú tíortha a cháineadh go géar, lena n-áirítear smuigleáil dídeanaithe agus imirceach, arna heagrú ag réimeas na Bealarúise chun críoch polaitiúil agus an ghéarchéim dhaonnúil a cruthaíodh leis sin agus leanfaidh sé den mhéid sin a chomhrac.

21. Is géarchéim chearta an duine é an **ghéarchéim aeráide**. Beidh an tAontas ar thús cadhnaíochta ar leibhéal domhanda maidir le saincheisteanna aeráide agus comhshaoil, agus tacóidh sé le bearta lena dtugtar aghaidh ar thionchar tromchúiseach an athraithe aeráide, chailliúint na bithéagsúlachta agus dhíghrádú an chomhshaoil ar theachtadh iomlán chearta an duine, lena n-áirítear cearta an duine maidir le huisce óil sábháilte agus leis an tsláintíocht. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Aontas gur glacadh an rún maidir le ceart an duine chun comhshaoil shábháilte, ghlain, shláintiúil agus inbhuanaithe agus an rún lena gcruthaítear sainordú do Rapóirtéir Speisialta maidir le cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint i gcomhthéacs an athraithe aeráide. Beidh an tAontas gníomhach i gcónaí ó thaobh rúin na Náisiún Aontaithe maidir leis an nasc idir cearta an duine agus an aeráid agus an comhshaol agus déanfaidh sé tuilleadh dul chun cinn chun aitheantas domhanda a bhaint amach don cheart chun comhshaoil shábháilte, ghlain, shláintiúil agus inbhuanaithe mar cheart daonna. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an rochtain ar fhaisnéis, an rannpháirtíocht phoiblí sa chinnteoireacht agus an rochtain ar cheartas, i gcúrsaí comhshaoil.

22. Leanfaidh an tAontas de chearta na bpobal dúchasach mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na **bPobal Dúchasach** iad agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine a chur chun cinn, agus i ndáil leis sin glacfaidh sé páirt ghníomhach i ngach fóram ábhartha ina ndéantar plé ar chearta na bpobal dúchasach. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh feabhas a chur ar rannpháirtíocht ionadaithe agus institiúidí na bpobal dúchasach i gcomhlachtaí ábhartha na Náisiún Aontaithe maidir le saincheisteanna a dhéanann difear dóibh. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Aontas seoladh Dheacáid Idirnáisiúnta na dTeangacha Dúchasacha, 2022-2032.

23. Cuirfidh an tAontas cearta na leanaí uile chun cinn i gcónaí agus cosnóidh sé iad, go háirithe na **leanaí** sin atá i staid leochaileach, agus leanfaidh sé de thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh i ndáil leis sin, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht fhóinteach leanaí a éascú. Déanfaidh sé bearta a chur chun cinn agus a chur chun feidhme a thuilleadh chun gach cineál foréigin in aghaidh leanaí a chosc. Oibreoidh sé i ndlúthchomhar leis na Náisiún Aontaithe, go háirithe le hIonadaithe Speisialta an Ard-Rúnaí maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha agus maidir le Foréigean i gcoinne Leanaí. Leanfaidh an tAontas de bheartas neamhfhulaingthe a chur chun cinn maidir le saothar leanaí agus mí-úsáid a bhaineann le leanaí ar líne agus as líne. Ní mór rochtain shábháilte, gan bhac a bheith ag gach leanbh ar oideachas cothrom cuimsitheach ardcháilíochta i ngach cúinse.

24. Tá rún daingean ag an Aontas leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe a chur chun feidhme ar fud an Aontais agus ar fud an domhain. Athdhearbhaíonn an tAontas gur réamhchoinníoll don fhorbairt chuimsitheach agus inbhuanaithe é teachtadh na gceart daonna uile, bíodh na cearta sin polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta nó cultúrtha agus cuirfidh sé **cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine chun cinn maidir le forbairt**. Athdhearbhóidh an tAontas a sheasamh go bhfuil an ceart chun forbartha fréamhaithe i gcineál uilíoch, doroinnte, idirghaolmhar agus idirspleách chearta uile an duine, agus gur daoine aonair iad gníomhaithe, tiománaithe agus tairbhithe lárnacha an phróisis forbartha, agus cineál iltaobhach na straitéisí forbartha á n-admháil aige ag an am céanna. Den mheon sin, glacfaidh an tAontas páirt i bplé ar leibhéal na Náisiún Aontaithe maidir leis an gceart chun forbartha agus beidh sé i bhfách le plé comhthoiliúil, agus coimeádfaidh sé, ag an am céanna, a sheasamh prionsabálta i ndáil le hionstraim a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí a fhorbairt maidir leis an gceart chun forbartha.

25. Is bagairt an-tromchúiseach ar an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta iad **an sceimhlitheoireacht agus an choireacht eagraithe**. Iarrann an tAontas ar gach stát a áirithiú go mbeidh aon fhreagairt ar choireanna sceimhlitheoireachta agus ar an gcoireacht eagraithe ag teacht go hiomlán leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, an dlí daonnúil agus an dlí um dhídeanaithe. Chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac, ní mór tús áite a thabhairt do na híospartaigh agus a áirithiú go ndéanfar cearta na n-íospartach a chosaint agus a chur chun cinn.

26. Leanfaidh an tAontas den chomhar le hOifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine (OHCHR) agus le Meitheal na Náisiún Aontaithe maidir le **Gnó agus Cearta an Duine**, chun cur chun feidhme domhanda Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine a chur chun cinn. Leanfaidh sé de thacú le glacadh Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta agus de chreat cuimsitheach de chuid an Aontais a fhorbairt chun Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, agus Treochlár na Náisiún Aontaithe maidir le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe á ghlacadh mar thagairt do chúrsaí gnó agus cearta an duine sa deacáid seo romhainn. Glacfaidh an tAontas páirt ghníomhach sa phlé ag na Náisiúin Aontaithe, maidir le hionstraim um ghnó agus cearta an duine, a bheadh ceangailteach ó thaobh dlí, lena n-áirítear, b’fhéidir, trí pháirt a ghlacadh sa ghrúpa atá molta, ar a dtugtar grúpa chairde an chathaoirligh, agus trí oibriú le comhpháirtithe chun féachaint ar smaointe le haghaidh ionstraime, a bheadh bunaithe ar chomhthoil, a bhféadfaí í a úsáid ar bhealach éifeachtach chun feabhas a chur ar an gcosaint a thugtar d’íospartaigh agus chun cothroime iomaíochta dhomhanda a chruthú.